BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

9 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (AE) Uimh.º1215/2012 – An dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) – Dlínse speisialta in ábhair chonarthacha – An chúirt a bhfuil dlínse aici a chinneadh – Conradh aeriompair arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí – Éileamh an phaisinéara ar chúiteamh a eascraíonn as eitilt ar cuireadh moill uirthi – Sannadh an éilimh seo do chuideachta bailithe fiachais – Caingean le haghaidh cúitimh arna tionscnamh ag sannaí i gcoinne an aeriompróra os comhair chúirteanna áit imeachta an aerárthaigh – Áit ina gcomhlíontar an oibleagáid i dtrácht – Áit i mBallstát ina ndearnadh, faoin gconradh iompair, na seirbhísí a sholáthar nó inar cheart iad a bheith soláthraithe)

I gCás C-551/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Sąd Okręgowy w Krakowie (an Chúirt Réigiúnach, Kraków, an Pholainn), trí bhreith an 1 Lúnasa 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 14 Lúnasa 2024, sna himeachtaí idir

Deutsche Lufthansa AG

v

AirHelp Germany GmbH,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar a leanas: O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin agus N. Piçarra, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Deutsche Lufthansa AG, ag M. Korcz, radca prawny,

– AirHelp Germany GmbH, ag P. P. Gad agus K. Żbikowska, adwokaci,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Hottiaux agus S. Noë, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) agus Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Deutsche Lufthansa AG ('Lufthansa') agus AirHelp Germany GmbH ('AirHelp'), cuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrúna sa Ghearmáin, maidir le hiarraidh ar shuim a aisíoc arna thabhairt ag an dara cuideachta, arb í sannaí éileamh paisinéara ar chúiteamh, tar éis moill ar eitilt, i gcoinne na chéad chuideachta os comhair cúirt Pholannach.

An dlí

3 Leagtar amach an méid seo a leanas le haithrisí 15 agus 16 de Rialachán Uimh. 1215/2012:

'(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuitear an dlínse. Ba cheart go mbeadh dlínse le fáil i gcónaí ar an bhforas sin cé is moite de dhornán cásanna arna sainiú go soiléir ina dtugann ábhar na díospóide nó neamhspleáchas na bpáirtithe údar le critéar éagsúil nasctha. Ní mór sainchónaí duine dhlítheanaigh a shainiú go neamhspleách sa chaoi is go mbeidh na comhrialacha níos trédhearcaí agus go seachnófar coinbhleachtaí dlínse.

(16) Sa bhreis ar shainchónaí an chosantóra, ba cheart forais mhalartacha dlínse a bheith ann ar bhonn dlúthnaisc idir an chúirt agus an chaingean nó chun riaradh fónta an cheartais a éascú. Ba cheart go n-áiritheodh an dlúthnasc sin deimhneacht dhlíthiúil agus go seachnófaí leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an dlí a agairt ar chosantóir in imeachtaí os comhair cúirte de chuid Ballstáit nach bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. Tá sé sin tábhachtach, go háirithe i ndíospóidí a bhaineann le hoibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as sáruithe ar phríobháideacht agus ar chearta a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhilleadh.'

4 Áirítear le Caibidil II den Rialachán sin, dar teideal 'Dlínse' *inter alia*, Roinn I, dar teideal 'Forálacha ginearálta' agus Roinn II, dar teideal 'Dlínse Speisialta'. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin, a leagtar amach faoi Roinn I:

'Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.'

5 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 5(1) den Rialachán céanna, a leagtar amach freisin faoi Roinn I:

‘Daoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, ní fhéadfar an dlí a agairt orthu i gcúirteanna de chuid Ballstáit eile ach amháin de bhua na rialacha a leagtar amach i Roinn 2 go Roinn 7 den Chaibidil seo.’

6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 7 de Rialachán Uimh. 1215/2012, a leagtar amach faoi Roinn 2 de Chaibidil II den Rialachán sin:

‘Duine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát amháin, féadfar an dlí a agairt air i mBallstát eile:

1) (a) in ábhair a bhaineann le conradh, sna cúirteanna don áit ina gcomhlíontar an oibleagáid i dtrácht;
   (b) chun críocha na forála seo agus mura rud é go gcomhaontófar a mhalairt, is é a bheidh san áit ina gcomhlíontar an oibleagáid:

   – i gcás earraí a dhíol, an áit i mBallstát ina ndearnadh, faoin gconradh, na hearraí a sheachadadh nó inar cheart iad a bheith seachadta,

   – i gcás seirbhísí a sholáthar, an áit i mBallstát ina ndearnadh, faoin gconradh, na seirbhísí a sholáthar nó inar cheart iad a bheith soláthraithe;
   (c) mura mbeidh feidhm ag pointe (b), ansin beidh feidhm ag pointe (a);

[…]

(5) maidir le díospóid a éiríonn as oibríochtaí brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile, sna cúirteanna don áit ina bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó an bhunaíocht eile suite;

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

7 Leanann sé ón gcomhad atá faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais go ndearna AirHelp caingean a thionscnamh an 4 Aibreán 2023 os comhair an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Krowodrzy w Krakowie (an Chúirt Dúiche, Kraków – Krowodrza, an Pholainn) i gcoinne Lufthansa d’fhonn ordú a fháil go n-íocfadh sé suim EUR 250, móide ús reachtúil, atá comhfhreagrach leis an gcúiteamh a bhí dlite do phaisinéir mar gheall ar mhoill ar eitilt arna hoibriú ag an aerlíne sin ó Kraków.

8 Thug Lufthansa freasúra i gcoinne an ordaithe íocaíochta arna eisiúint ag an gcúirt sin agus d’ardaigh sé pléadáil maidir le dlínse idirnáisiúnta na cúirte sin.

9 Le hordú an 5 Nollaig 2023, dhiúltaigh an chúirt sin don phléadáil maidir le heaspa dlínse agus dhiúltaigh sí don fhreasúra chomh maith.

10 Thug Lufthansa achomharc i gcoinne an ordaithe sin os comhair an Sąd Okręgowy w Krakowie (an Chúirt Réigiúnach, Kraków, an Pholainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur. Mar thaca lena hachomharc, maíonn Lufthansa nach féidir leis an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Krowodrzy w Krakowie (an Chúirt Dúiche, Kraków – Krowodrza) a dlínse idirnáisiúnta chun caingean le haghaidh cúitimh a bhunú ar an dara fleasc de mhír 1(b) ná ar Airteagal 7(5) de Rialachán

Uimh. 1215/2012, ós rud é nach raibh na páirtithe sna príomhimeachtaí faoi cheangal ag conradh iompair. Tá éileamh Airhelp bunaithe ar chonradh maidir le héileamh a shannadh arna thabhairt i gcrích le paisinéir, nach bhfuil nasctha le Lufthansa ach amháin trí chonradh iompair.

11 Dar le Lufthansa, is iad na cúirteanna Gearmánacha amháin atá inniúil chun caingean den chineál sin a éisteacht, i gcomhréir leis an riail maidir le dlínse ghinearálta dá bhforáiltear le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin.

12 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go gceanglaítear uirthi scrúdú a dhéanamh í féin, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ar an gceist faoina dlínse idirnáisiúnta.

13 Chuige sin, iarrann an chúirt sin maidir le hinfheidhmeacht an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) agus Airteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012 chun an chúirt, a bhfuil dlínse aici chun díospóid a éisteacht a bhaineann le haisghabháil fiacha a eascraíonn as conradh aeriompair agus a aistrítear chuig cuideachta bailithe fiachais, tar éis sannadh arna dhéanamh ag tomhaltóir is páirtí sa chonradh aeriompair sin, a chinneadh.

14 Léiríonn an chúirt sin go léirítear dhá bhealach chun léiriú a dhéanamh ar na forálacha sin le cleachtas chúirteanna na Polainne. Meastar i gcuid den chásdlí, gan beann ar chineál an chonartha maidir le héileamh a shannadh i ndlí na Polainne, go gceadaítear leis na forálacha sin bunús a thabhairt do dhlínse chúirteanna na Polainne chun cás den chineál sin a éisteacht. Bheadh cuid eile den chásdlí bunaithe ar shaintréithe an chonartha sin i ndlí na Polainne chun a mheas go ndéantar dlínse na gcúirteanna sin a eisiamh leis na forálacha céanna.

15 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl go leagtar béim ar an dlúthnasc atá ann idir an conradh agus an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair, sa chásdlí atá i bhfabhar dhlínse chúirteanna na Polainne. Dá bhrí sin, níl dlínse na gcúirteanna sin bunaithe ar bhreithnithe suibiachtúla a bhaineann le stádas na bpáirtithe sna himeachtaí, ach ar ábhar na n-imeachtaí sin, is é sin le rá, iarraidh chun fiach a aisghabháil a eascraíonn as conradh chun seirbhísí a sholáthar nó a bhaineann le gníomhaíocht brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile.

16 Sonraíonn an chúirt sin chomh maith gur léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, chun éileamh a eascraíonn as comhlíonadh conartha aeriompair a ghnóthú, go bhféadfaidh iarratasóir caingean a thabhairt os comhair na cúirte ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, nó os comhair na cúirte don áit ar soláthraíodh nó ar cheart go soláthrófaí na seirbhísí, eadhon an chúirt a bhfuil dlínse aici maidir le háit imeachta nó teachta na heitilte lena mbaineann, i gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le dlínse speisialta a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil II den Rialachán sin, lena n-áirítear an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) agus Airteagal 7(5) den Rialachán sin, beidh feidhm ag na forálacha sin fiú i gcás díospóid idir na trádálaithe.

17 Mar sin féin, measann an chúirt sin gur gá an coinníoll sin a léiriú agus tugann sí dá haire, i ndáil leis sin, faoi Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, gurb í an chúirt a bhfuil dlínse aici díospóid a bhaineann le conradh a éisteacht an chúirt ina gcomhlíontar an oibleagáid ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe. I gcás ina sanntar fiach, is í an cheist a thagann chun cinn an mbaineann an díospóid le fiach a aisghabháil a eascraíonn as an gconradh maidir le sannadh nó as an gconradh chun seirbhísí a sholáthar, sa chás seo, conradh aeriompair.

18 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, faoin dlí náisiúnta, go bhféadfaidh creidiúnaí, gan toiliú an fhéichiúnaí, a éileamh a shannadh do thríú páirtí, mura bhfuil sé contrártha leis an dlí, leis an gconradh nó le cineál na hoibleagáide. Is é cuspóir an tsannta sin ceart aonair an chreidiúnaí a cheangal ar an bhféichiúnaí a oibleagáid a chomhlíonadh, nach n-áirítear cearta nós imeachta an chreidiúnaí leis, go háirithe an ceart chun agóidí a dhéanamh maidir le heaspa dlínse, teorann, fritháirimh, mura bhforáiltear amhlaidh sa chonradh maidir le sannadh.

19 Sonraíonn an chúirt sin go leanann sé ón gconradh maidir le héileamh a shannadh atá i gceist sna príomhimeachtaí nach bhfuair AirHelp *locus standi* ach amháin chun oibleagáid an tsannóra cúiteamh a íoc a chomhlíonadh. Dá thoradh sin, ní féidir a mheas, de bhun an chonartha sin, go bhfuair AirHelp na cearta uile a eascraíonn as an gconradh aeriompair, lena n-áirítear na cearta nós imeachta atá ag an sannóir sin mar thomhaltóir.

20 D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, nach féidir le díoltóir nó soláthróir a fhaigheann éileamh a eascraíonn as conradh aeriompair, mar bhonn lena chaingean le haghaidh cúitimh arna tionscnamh i gcoinne an aeriompróra, brath go bailí ar an aon chonradh iompair lena gceanglaítear an sannóir leis an iompróir sin, ós rud é, gurb é bunús na caingne sin an conradh maidir le héileamh a shannadh óna bhfaigheann an trádálaí a sheasamh chun imeachtaí a thionscnamh.. A mhéid nach páirtí sa chonradh aeriompair an sannaí, gur idir an sannóir agus an sannaí a bheadh an gaol conarthach agus ní bheadh sé idir an sannaí agus an t-aeriompróir a gceanglaítear air an t-éileamh a eascraíonn as an gconradh iompair a íoc..

21 Sa chás seo, ní féidir le AirHelp leas a bhaint as an gcásdlí a bhaineann le dlínse maidir leis an gconradh aeriompair, trí bhrath ar an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, mar a léiríodh i mbreithiúnas an 9 Iúil 2009, *Rehder* (C-204/08, EU:C:2009:439), os rud é nach bhfuil na páirtithe sna príomhimeachtaí faoi cheangal ag conradh iompair.

22 Mar sin féin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl gur léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go háirithe breithiúnais an 20 Bealtaine 2021, *CNP*, (C-913/19, EU:C:2021:399), agus an 21 Deireadh Fómhair 2021, *T.B. agus D (Dlínse in ábhair a bhaineann le hárachas)* (C-393/20, EU:C:2021:871), go bhféadfadh eintiteas a fuair éileamh, agus é ag gníomhú mar thrádálaí, ó pháirtí níos laige, brath ar Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 1215/2012. I bhfianaise an chásdlí sin, d'fhéadfaí, mar sin, glacadh leis go bhfuil dlínse ag cúirteanna na Polainne caingean a éisteacht chun éileamh tomhaltóra a aisghabháil a eascraíonn as conradh aeriompair arna fháil ag trádálaí.

23 Sna himthosca sin, chinn Sąd Okręgowy w Krakowie (an Chúirt Réigiúnach, Kraków) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil cásanna maidir le forfheidhmiú éilimh arna fháil faoi [chonradh maidir le héileamh a shannadh] arna thabhairt i gcrích le tomhaltóir ag trádálaí a bhfuil a oifig chláraithe aige lasmuigh de Phoblacht na Polainne, lena sanntar an t-éileamh atá dlite don tomhaltóir do thrádálaí eile a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát eile, de réir dhlínse náisiúnta na Polainne i gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 7[(1)](b) agus Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála?'

An cheist a tharchuirtear

Inghlacthacht na ceiste a bhaineann le léiriú Airteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012

24 D'ardaigh Lufthansa pléadáil maidir le do-ghlacthacht na ceiste a cuireadh a mhéid a bhaineann le léiriú ar Airteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012, i bhfianaise chineál hipitéiseach na ceiste sin, a mhéid nár líomhnaíodh, i gcomhthéacs na díospóide sna príomhimeachtaí, go raibh baint ar bith ag a bhunú sa Pholainn le tabhairt i gcrích an chonartha iompair as ar eascair an fiachas a d'éiligh AirHelp.

25 I ndáil leis sin, leanann sé ó chásdlí socair go gceanglaítear leis an ngá atá le léiriú ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt a rinne an tarchur go saineofaí comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ina theannta sin, ní mór don chúirt sin na cúiseanna beachta a lua a thug uirthi fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú dhlí an Aontais agus a mheas gur gá tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú (féach breithiúnais an 26 Eanáir 1993, *Telemarsicabruzzo agus páirtithe eile*, C-320/90 go C-322/90, EU:C:1993:26, mír 6; an 8 Meán Fómhair 2009, *Liga Portuguesa de Futebol Profissional agus Bwin International*, C-42/07, EU:C:2009:519, mír 40, agus an 29 Iúil 2024, *LivaNova*, C-713/22, EU:C:2024:642, mír 54).

26 Mar a luaitear in Airteagal 94(a) agus (c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ní mór a bheith in iarraidh ar réamhrialú, *inter alia*, achoimre ar na fíorais ábhartha nó, ar a laghad, ráiteas ar na fíorais ar a bhfuil na ceisteanna bunaithe, chomh maith le ráiteas ar na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais agus an nasc a bhunaítear léi idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

27 Sa chás seo, ní mór a mheabhrú go mbunaítear, le hAirteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012, a mhéid a bhaineann leis na hargóintí maidir le brainse, gníomhaireacht nó bunaíocht eile a fhoirceannadh, riail dlínse speisialta i bhfabhar na gcúirteanna san áit ina bhfuil siad.

28 Ní mór a thabhairt faoi deara, in ainneoin go dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur d'Airteagal 7(5), i bhforas na hiarrata ar réamhrialú agus sa cheist a tarchuireadh chuig an gCúirt araon, nach luann an chúirt sin aon sonraí fíorasacha a bhaineann le feidhmiú bhrainse, ghníomhaireacht nó bhunaíocht eile Lufthansa sa Pholainn, ná le gealltanais a rinne siad thar ceann Lufthansa, amhail rannpháirtíocht fhéideartha na n-eintiteas sin i dtabhairt i gcrích an chonartha aeriompair lena mbaineann an cás sna príomhimeachtaí. Cé go ndéanann an chúirt sin mionléiriú ar an gceist an é an conradh as a n-eascraíonn an oibleagáid atá mar bhonn leis an éileamh, de réir bhrí Airteagal 7(1) den Rialachán sin, an conradh maidir le héileamh a shannadh nó an conradh iompair, ní luann sí na cúiseanna a thug uirthi machnamh a dhéanamh freisin ar léiriú Airteagal 7(5) den Rialachán sin.

29 Ní dhéanann an chúirt a rinne an tarchur ach a shoiléiriú go gceanglaítear uirthi a dlínse idirnáisiúnta chun an chaingean a thugtar os a comhair a éisteacht a fhíorú í féin. Cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí scrúdú ar an gceann dlínse dá bhforáiltear le hAirteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a bheith mar thoradh ar fhíorú den sórt sin, is amhlaidh fós gur cheart faisnéis leordhóthanach a bheith ag an gCúirt chun a áirithiú go mbaineann an léiriú atá á lorg ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó le cuspóir na príomhghníomhaíochta.

30 Mar sin, sa chás seo, níl aon fhaisnéis den sórt sin ann. Dá thoradh sin, a mhéid a bhaineann an cheist a tharchuirtear le léiriú Airteagal 7(5) de Rialachán Uimh. 1215/2012, tá sí inghlactha.

Substaint an cháis

31 Lena ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012 le léiriú sa chaoi go bhfuil dlínse ag Ballstát, i gcomhréir leis an bhforáil sin, cás maidir le caingean le haghaidh cúitimh arna tabhairt ag cuideachta ar sannadh éileamh paisinéara uirthi i gcoinne aeriompróir atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile a éisteacht, a eascraíonn as comhlíonadh conartha iompair arna thabhairt i gcrích leis an iompróir sin.

32 Mar réamhbharúil, ní mór a mheabhrú, ar thaobh amháin, go bhféachtar le Rialachán Uimh. 1215/2012 na rialacha maidir le coinbhleacht dlínse in ábhair shibhialta agus thráchtála a aontú trí bhíthin rialacha dlínse atá an-intuartha. Leis an rialachán sin, saothraítear, ar an gcaoi sin, cuspóir deimhneachta dlíthiúla arb é atá ann cosaint dhlíthiúil daoine atá bunaithe san Aontas Eorpach a neartú, trína chur ar chumas an iarratasóra an chúirt a bhféadfaidh sé caingean a thabhairt os a comhair a shainaithint go héasca agus trína chur ar chumas an chosantóra foráil a dhéanamh go réasúnach maidir leis an gcúirt a bhféadfar an dlí a agairt air os a comhair (breithiúnas an 11 Aibreán 2024, *Credit Agricole Bank Polska*, C-183/23, EU:C:2024:297, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Ar an taobh eile, tá an córas dlínse coiteann dá bhforáiltear i gCaibidil II de Rialachán Uimh. 1215/2012 bunaithe ar an riail ghinearálta, a leagtar amach in Airteagal 4(1) de, go bhféadfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát i gcúirteanna an Bhallstáit sin, ar neamhchead do náisiúntacht na bpáirtithe. Is de mhaolú ar an riail ghinearálta sin amháin maidir le dlínse chúirteanna shainchónaí an chosantóra go bhforáiltear le Roinn 2 de Chaibidil II den Rialachán sin roinnt rialacha speisialta dlínse, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *EXTÉRIA*, C-393/22, EU:C:2023:675, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Faoi riail na dlínse speisialta a leagtar síos san fhoráil dheireanach sin, is ionann an chúirt a bhfuil dlínse aici éileamh a éisteacht bunaithe ar chonradh chun seirbhísí a sholáthair agus an chúirt don áit i mBallstát inar soláthraíodh, nó inar cheart, faoin gconradh, na seirbhísí a sholáthar.

35 Leanann sé freisin ón gcásdlí go léirítear le riail na dlínse speisialta a leagtar síos sa dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012 ábhar imní maidir le gaireacht, arb é is cúis leis go bhfuil dlúthnasc idir an conradh lena mbaineann agus an chúirt a n-iarrtar uirthi rialú air (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *EXTÉRIA*, C-393/22, EU:C:2023:675, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór a chinneadh an bhfuil an fíoras gur aistrigh an tomhaltóir sin éileamh a eascraíonn as comhlíonadh conartha aeriompair arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí chuig cuideachta a bhfuil sainchúram aici éilimh aerphaisinéirí a aisghabháil de chineál a chuirfeadh cosc ar chur i bhfeidhm an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2912, chun an chúirt a chinneadh a bhfuil dlínse aici caingean le haghaidh damáistí arna tabhairt ag an gcuideachta ar sannadh éileamh paisinéara uirthi i gcoinne an aeriompróra a éisteacht.

37 I ndáil leis sin, mar is léir ó mhír 35 den bhreithiúnas seo, níl sé i gceist le riail na dlínse speisialta a leagtar síos sa dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) an páirtí is laige i gcaidreamh conarthach a chosaint, ós rud é nár bunaíodh an riail sin faoi threoir stádas na bpáirtithe conarthacha, ach go bhfuil sí bunaithe ar dhlúthnasc a bheith ann idir an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair agus an conradh lena mbaineann. Sna himthosca sin, níl aon tionchar ag éileamh an tomhaltóra ar chúiteamh a bheith aistrithe chuig trádálaí nó soláthróir ar chur i bhfeidhm na rialach sin.

38 Mar a shoiléirigh an Chúirt i ndíospóid a bhaineann le héilimh in ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh, ní féidir le sannadh éilimh ag an gcreidiúnaí bunaidh, é féin, difear a dhéanamh don chinneadh faoin gcúirt a bhfuil dlínse aici (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *ÖFAB*, C-147/12, EU:C:2013:490, mír 58, agus an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 35).

39 Ar an gcaoi chéanna, tá dlúthbhaint fós ag díospóid maidir le haisghabháil fiachais a eascraíonn as comhlíonadh conartha chun seirbhísí a sholáthar le háit chomhlíonta na hoibleagáide ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe, is é sin an áit i mBallstát inar soláthraíodh nó inar cheart, faoin gconradh sin, na seirbhísí a sholáthar, de réir bhrí an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b), cé gur sannadh an t-éileamh sin do thríú páirtí.

40 Ceadaítear leis an léiriú sin deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a áirithiú, go háirithe don chosantóir, maidir le dlínse, lena léirítear na cuspóirí arna saothrú le Rialachán Uimh. 1215/2012, mar a leanann ó aithrisí 15 agus 16 den Rialachán sin, a mhéid a bhfuil an chúirt a bhfuil dlínse aici chun caingean den sórt sin a éisteacht i gcónaí mar chúirt na háite inar ghá na seirbhísí a sholáthar, gan beann ar shannadh éilimh a eascraíonn as an gconradh sin a bheith ann.

41 Sa chás seo, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte Breithiúnais go bhfuair AirHelp éileamh a eascraíonn as comhlíonadh conartha aeriompair, arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus Lufthansa, mar thoradh ar mhoill ar eitilt arna hoibriú ag an aerlíne sin ó Kraków go Nice (an Fhrainc) le nasc i München (an Ghearmáin), atá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur.

42 A mhéid a chomhfhreagraíonn áit imeachta na heitilte sin do cheann de phríomháiteanna soláthair na seirbhísí a chumhdaítear leis an gconradh sin agus, dá bhrí sin, go n-áirithítear leis an dlúthnasc a cheanglaítear le rialacha dlínse speisialta a leagtar amach in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, idir an conradh sin agus an chúirt a bhfuil an áit sin suite ina dlínse, is cosúil go bhfuil dlínse ag cúirteanna na Polainne chun an chaingean sna príomhimeachtaí a éisteacht agus a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Feabhra 2022, *LOT Polish Airlines*, C-20/21, EU:C:2022:71, mír 20).

43 Níl saintréithe an chonartha maidir le héileamh a shannadh atá i gceist sna príomhimeachtaí ná easpa nasc conarthach idir na páirtithe sa díospóid de chineál a chuirfeadh an dlínse sin faoi cheist.

44 Ar thaobh amháin, ós rud é, mar is léir ón ordú tarchuir, faoi théarmaí an chonartha maidir le héileamh a shannadh lena mbaineann, nach dtarchuireann an tomhaltóir, faoi dhlí na Polainne, a chearta nós imeachta chuig an díoltóir nó chuig an trádálaí ar sannadh éileamh air, níl sé ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na rialach dlínse a leagtar síos sa dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012. Go deimhin, bunaítear an riail sin ar an oibleagáid ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe, is é sin le rá, ábhar na díospóide, arna chinneadh ag ábhar an chonartha lena mbaineann, ós rud é nach dtugtar *locus standi* ach amháin don sannaí leis an gconradh maidir le héileamh a shannadh.

45 Ar an taobh eile, maidir leis an bhfíoras nach bhfuil na páirtithe sna príomhimeachtaí faoi cheangal díreach ag conradh, dá ndéanann an chúirt a rinne an tarchur agus Lufthansa, ina barúlacha i scríbhinn, tagairt, ní mór a thabhairt faoi deara, a mhéid a thugtar leis an gconradh maidir le héileamh a shannadh chun na cearta atá ag an sannóir a aistriú i leith an iompróra agus, dá bhrí sin, an ceart chun imeachtaí a thionscnamh chun an t-éileamh a eascraíonn as an gconradh aeriompair a aisghabháil, nach bhfuil an imthoisc sin de chineál ach oiread chun cosc a chur ar chur i bhfeidhm na rialach dlínse dá bhforáiltear san fhoráil sin.

46 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012 le léiriú sa chaoi go bhfuil dlínse ag cúirt Bhallstáit, i gcomhréir leis an bhforáil sin, cás maidir le caingean le haghaidh cúitimh arna tabhairt ag cuideachta ar sannadh éileamh paisinéara uirthi i gcoinne aeriompróir atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile a éisteacht, a eascraíonn as comhlíonadh conartha iompair arna thabhairt i gcrích leis an iompróir sin, ar choinníoll gurb ionann an chúirt sin agus an chúirt don áit inar soláthraíodh nó inar cheart na seirbhísí a sholáthar faoin gconradh sin.

Costais

47 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas:

tá dlínse ag Ballstáit, i gcomhréir leis an bhforáil sin, cás maidir le caingean le haghaidh cúitimh arna tabhairt ag cuideachta ar sannadh éileamh paisinéara uirthi i gcoinne aeriompróir atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile a éisteacht, a eascraíonn as comhlíonadh conartha iompair arna thabhairt i gcrích leis an iompróir sin, ar choinníoll gurb ionann an chúirt sin agus an chúirt don áit inar soláthraíodh nó inar cheart na seirbhísí a sholáthar faoin gconradh sin.

Sínithe